

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Cigireacht na Luathbhlianta

**Treoir maidir leis an mBeartas um Leanaí a
Fhágáil agus a Bhailiú i Seirbhísí Aois Scoile**

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Clár Ábhair

1.0 Cuspóir.....	3
2.0 Buncheanglais an bheartais	3
Ceanglas 1.....	4
Ceanglas 2.....	5
Ceanglas 3.....	5
Ceanglas 4.....	6
3.0 Dea-Chleachtas maidir le Beartas um Leanaí a Fhágáil agus a Bhailiú a Fhorbairt agus a Chur Chun Feidhme.....	6
4.0 Aguisín	9
4.1 Faisnéis Tacaíochta	9

1.0 Cuspóir

Is é is cuspóir don doiciméad teorach seo na ceanglais rialála a bhaineann leis an mbeartas sonrach um Leanaí a Fhágáil agus a Bhailiú, mar atá leagtha amach i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, [1991 \(Seirbhísí Aois Scoile a Chlárú\), 2018, a chur ar fáil do Sheirbhísí Aois Scoile](#). Leagtar amach sa doiciméad seo na croícheanglais ar cheart aghaidh a thabhairt orthu sa bheartas seo. Ina theannta sin, cabhróidh na leideanna agus na breithnithe le soláthraithe cláraithe a chinntiú go bhfuil a mbeartas agus a nósanna imeachta forbartha go hiomlán agus go léirítear iad i gcleachtais a seirbhíse.

Ba cheart an fhaisnéis sa doiciméad seo a chur i bhfeidhm maidir leis an mbeartas sonrach um Leanaí a Fhágáil agus a Bhailiú agus maidir leis na nósanna imeachta gaolmhara atá ag an tseirbhís. Ba cheart an doiciméad seo a léamh in éineacht leis an Treoir [Phraiticiúil maidir le Beartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis a Fhorbairt i Seirbhísí](#) Luathbhlianta agus leis na [Treoirínte Náisiúnta Cáilíochta do Sheirbhísí Cúraim Leanaí Aois Scoile](#).

Is chun críocha tagartha amháin atá an doiciméad seo. Níor cheart glacadh leis go bhfuil an treoir a chuirtear ar fáil cuimsitheach nó go dtugtar léi freagra cinntitheach i ngach cás.

Nóta: d'fhéadfadh forluí a bheith idir an beartas seo agus an beartas réamhscoile maidir le húdarú chun leanaí a bhailiú.

Tá tuilleadh acmhainní ar fáil in [Aquisín 1](#).

Ceanglais Rialála maidir leis an mbeartas seo

Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Aois Scoile a Chlárú), 2018, Sceideal 6(e)

Beartas ina ndéantar cur síos ar na nósanna imeachta a chuireann an tseirbhís i bhfeidhm chun:

- Sábháilteacht na leanaí agus iad ag teacht chuig an tseirbhís agus ag imeacht uaithi a chinntiú;
- Lena n-áirítear an beartas maidir le daoine atá údaraithe chun an leanbh a bhailiú ón tseirbhís;
- A shonrú an gceadaítear do leanaí imeacht ón tseirbhís gan tionlacan agus, má cheadaítear, na cúinsí faoina gceadaítear é sin.

2.0 Buncheanglais an bheartais

Moltar Ráiteas Beartais don bheartas seo in éineacht leis na croícheanglais, mar a leagtar amach níos faide ar aghaidh sa doiciméad seo. Ba cheart gealltanais na seirbhíse a leagan amach sa ráiteas beartais maidir le nósanna imeachta agus cleachtais shábháilte chuig a bheith i bhfeidhm chun a chinntiú go gcosnaítear leanaí nuair a bhíonn siad á bhfágáil agus á mbailiú.

Ceanglas 1

Leagtar amach sa bheartas na nósanna imeachta maidir le leanbh aois scoile a fhágáil ag an tseirbhís agus/nó a bhailiú ón tseirbhís.

Leideanna agus breithnithe **(ní liosta uileghabhálach é seo)**

Ní mór an méid seo a leanas a shonrú sa bheartas:

- (a)** An chaoi a gcuirtear tuismitheoir nó tuismitheoirí, caomhnóirí nó duine nó daoine ainmnithe ar an eolas faoi nósanna imeachta na seirbhíse maidir le leanaí a fhágáil agus a bhailiú.
- (b)** Na bearta atá i bhfeidhm maidir le leanaí a fhágáil ag an tseirbhís agus a bhailiú ón tseirbhís.
- (c)** Na bearta atá i bhfeidhm lena chinntiú go bhfaightear údarú i scríbhinn ó tuismitheoirí nó ó chaomhnóirí chun go bhféadfaidh duine eile a leanbh a bhailiú ón tseirbhís.
- (d)** Na nósanna imeachta atá i bhfeidhm i gcás ina dtagann duine neamhúdaraíthe chun leanbh a bhailiú.

Ceanglas 2

Leagtar amach sa bheartas na nósanna imeachta atá le leanúint ag baill foirne na seirbhíse a fhágann leanaí ag suíomh nó ag seirbhís eile agus/nó a bhailíonn leanaí ó shuíomh nó ó sheirbhís eile.

Leideanna agus breithnithe (ní liosta uileghabhálach é seo)

Ní mór an méid seo a leanas a shonrú sa bheartas:

- (a) An chaoi a gcuirtear tuismitheoir nó tuismitheoirí nó caomhnóirí ar an eolas faoi nósanna imeachta na seirbhíse maidir le leanaí a fhágáil agus a bhailiú.
- (b) Go bhfuil toiliú sonrathach i scríbhinn ón tuismitheoir nó ó na tuismitheoirí nó ón gcaomhnóir ag teastáil sula mbaileoidh an tseirbhís an leanbh aois scoile ó shuíomh agus/nó sula bhfágfaidh sí an leanbh ag suíomh.
- (c) Na nósanna imeachta atá le leanúint nuair a bhíonn baill foirne ag fágáil leanaí aois scoile agus/nó á mbailiú.
- (d) Na modhanna cumarsáide idir an tuismitheoir nó na tuismitheoirí, na caomhnóirí nó an duine nó na daoine ainmnithe agus an tSeirbhís Aois Scoile maidir le leanaí a bhailiú ó shuíomh eile agus a fhágáil ag suíomh eile, lena n-áirítear i gcás ina mbíonn leanbh as láthair ón suíomh eile ar lá ar leith.
- (e) Go ndéantar measúnú riosca agus go sonraítear ann bearta cosanta atá oiriúnach d'aois na leanaí agus don achar atá i gceist.
- (f) An éascóidh an tseirbhís leanbh a fhágáil agus a bhailiú ag suíomh eile nach í an scoil ar a bhfreastalaíonn an leanbh í.

Ceanglas 3

Leagtar amach sa bheartas um leanaí aois scoile a fhágáil agus a bhailiú na nósanna imeachta a bhaineann le cúinsí gan choinne.

Leideanna agus breithnithe (ní liosta uileghabhálach é seo)

Ní mór an méid seo a leanas a shonrú sa bheartas:

- (a) Na bearta a dhéanfaidh an tseirbhís mura mbíonn leanbh i láthair sa scoil ag am a bhailithe. Ba cheart na nósanna imeachta sin a shonrú freisin sa bheartas um chosaint leanaí agus sa bheartas um theagmhais chriticiúla, i gcás ina bhfuil beartas den sórt sin i bhfeidhm.
- (b) Na nósanna imeachta atá le leanúint i gcás ina mbailíonn an tuismitheoir, an caomhnóir agus/nó an duine nó na daoine ainmnithe an leanbh go déanach ón tseirbhís nó nach mbailíonn siad é nó í ar chor ar bith.
- (c) Nósanna imeachta na seirbhíse nuair a thagann tuismitheoir, caomhnóir nó duine údaráithe chun leanbh a bhailiú agus nach bhfuil an duine sin i riocht oiriúnach chun é sin a dhéanamh.

Ceanglas 4

Sonraítear sa bheartas um leanaí aois scoile a fhágáil agus a bhailiú an gceadaítear do leanaí imeacht ón tseirbhís gan tionlacan agus, má cheadaítear, na cúinsí faoina gceadaítear é sin.

Leideanna agus breithnithe (ní liosta uileghabhálach é seo)

Ní mór an méid seo a leanas a shonrú sa bheartas:

- (a) An gceadaíonn an tseirbhís do leanaí imeacht ón tseirbhís gan tionlacan agus na cúinsí, más ann dóibh, faoina gceadaítear dóibh é sin a dhéanamh.
- (b) An chaoi a ndéanann tuismitheoir nó tuismitheoirí nó caomhnóir iarraidh ar an tseirbhís cead a thabhairt dá leanbh imeacht ón tseirbhís gan tionlacan.
- (c) Gur faoi rogha na seirbhíse atá sé cead a thabhairt do leanbh imeacht ón tseirbhís gan tionlacan agus, mura bhfuil comhaontú ann leis na tuismitheoirí nó leis na caomhnóirí, nach gceadaítear don leanbh imeacht ón tseirbhís gan tionlacan.
- (d) Go ndéanann an tseirbhís measúnú riosca chun a chinneadh go bhfuil bearta réasúnta i bhfeidhm chun sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint sula gceadaítear dó nó di imeacht ón tseirbhís gan tionlacan.
- (e) An chaoi a gcuireann an tseirbhís an measúnú riosca in iúl don tuismitheoir nó do na tuismitheoirí nó don chaomhnóir agus don leanbh.
- (f) Go bhfuil toiliú sonrach i scríbhinn ón tuismitheoir nó ó na tuismitheoirí nó ón gcaomhnóir ag teastáil sula bhféadfaidh leanbh imeacht ón tseirbhís gan tionlacan.
- (g) Na bearta cosanta atá i bhfeidhm i Ráiteas na seirbhíse um Chumhdach Leanaí, lena n-áirítear: na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun an leanbh nó na leanaí atá ag imeacht ón tseirbhís agus/nó ag filleadh uirthi a chosaint; freagrachtaí na mball foirne; nósanna imeachta maidir le taifid a choinneáil; na tréimhsí ama chun athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnuithe riosca; na nósanna imeachta atá i bhfeidhm i gcás timpiste nó teagmhais; agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm i gcás éigeandála.

3.0 Dea-Chleachtas maidir le Beartas um Leanaí a Fhágáil agus a Bhailiú a Fhorbairt agus a Chur Chun Feidhme

Chomh maith leis na ceanglais rialála a bhaineann leis an mbeartas seo, mar atá leagtha amach sa doiciméad seo, féadfaidh soláthraithe seirbhíse feabhas a chur ar cháilíocht an chleachtais maidir le beartas um leanaí a fhágáil agus a bhailiú a fhorbairt agus a chur chun feidhme sa tseirbhís. Sa chuid seo, tugtar breac-chuntas ar an dea-chleachtas sa réimse beartais seo agus cuirtear in iúl cá bhfuil tuilleadh faisnéise ar fáil.

Leanaí a fhágáil agus a bhailiú [arna dhéanamh ag an tseirbhís]

- Beidh difríocht idir na nósanna imeachta maidir le leanaí a fhágáil agus na nósanna imeachta maidir le leanaí a bhailiú agus ba cheart idirdhealú a dhéanamh eatarthu sa bheartas. Mar shampla, tráth bailithe, d'fhéadfaí a shonrú sa bheartas na bearta atá le déanamh sula n-imítear ón tseirbhís, lena n-áirítear síniú amach na mball foirne agus na doiciméid agus/nó an trealamh is gá a thabhairt leo, lena n-áirítear sonraí teagmhála éigeandála, taifid tinrimh agus/nó fón póca.
- D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar an nós imeachta atá le leanúint i gcás nach dtagann leanbh a bhfuiltear ag súil go bhfreastalóidh sé nó sí ar an tseirbhís. D'fhéadfadh sé sin a bheith i gceist leis an duine i bhfeighil a fháil amach an bhfuil an leanbh nó an duine óg i láthair ar scoil agus teagmháil a dhéanamh leis an tuismitheoir, leis an gcaomhnóir nó leis an duine ainmnithe. Ba cheart a leagan amach go soiléir sa bheartas na bearta a dhéanfaidh an tseirbhís i gcás nach eol cá bhfuil an leanbh nó an duine óg.
- Ba cheart na tréimhsí roimh leanaí nó daoine óga a fhágáil agus/nó a bhailiú, lena linn agus ina dhiaidh, a chur san áireamh sa mheasúnú riosca. Ba cheart próifíl aoise agus líon na leanaí, an t-achar agus aon tosca ábhartha eile a chur san áireamh ann.

Leanaí agus daoine óga a fhágáil agus a bhailiú [arna dhéanamh ag an tuismitheoir, ag an gcaomhnóir nó ag duine údraithe]

- Is dea-chleachtas é na nithe a bhfuiltear ag súil leo ó thuismitheoirí nó ó chaomhnóirí agus leanaí á bhágáil ag an tseirbhís a leagan amach. Mar shampla, an gá an leanbh nó an duine óg a thionlacan chuig doras na seirbhíse.
- Ba cheart don tseirbhís a mheas an féidir leis an leanbh teacht chuig an tseirbhís gan tionlacan. Is faoi rogha na seirbhíse atá an cleachtas seo agus ba cheart na leideanna a leagtar amach i gCeanglas [4](#) a leanúint.

Cead a thabhairt do leanaí agus/nó do dhaoine óga imeacht gan tionlacan

- Ba cheart don tseirbhís a mheas an féidir le tuismitheoir nó caomhnóir iarraidh a dhéanamh ar an tseirbhís cead a thabhairt dá leanbh nó don duine óg imeacht gan tionlacan agus, más féidir, an chaoi ar féidir an iarraidh sin a dhéanamh, e.g. ó bhéal nó i scríbhinn. Ba cheart an suíomh a mbeidh an leanbh ag dul chuige, minicíocht na dturas agus an tréimhse atá beartaithe a mbeidh an cead bailí lena linn, más cuí, a shonrú in iarraidh an tuismitheora nó an chaomhnóra.
- Ba cheart na tosca seo a leanas a chur san áireamh sula gceadaíonn seirbhís do leanbh imeacht gan tionlacan:
 - Tá toiliú i scríbhinn ó thuismitheoir agus/nó ó chaomhnóir an linbh aois scoile faighte.
 - Rinneadh plé leis an leanbh nó leis an duine óg agus leis an tuismitheoir agus/nó leis an gcaomhnóir maidir leis an mbealach nó na bealaí atá le taisteal, minicíocht nó tarlú na dturas, an t-am comhaontaithe chun teacht chuig an

tseirbhís agus/nó chuig suíomh eile, agus an plean atá le leanúint i gcás éigeandála, lena n-áirítear modh cumarsáide nuair is féidir.

- Ba cheart don tseirbhís sonraí a thabhairt faoi na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun an leanbh nó an duine óg atá ag imeacht ón tseirbhís agus/nó ag filleadh uirthi a chosaint; freagrachtaí na mball foirne; nósanna imeachta maidir le taifid a choinneáil; na tréimhsí ama chun athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnuithe riosca; na nósanna imeachta atá i bhfeidhm i gcás timpiste nó teagmhais; agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm i gcás éigeandála.

4.0 Aguisín

4.1 Faisnéis Tacaíochta

- Barnardos: Ag [Obair i gComhpháirtíocht le Tuismitheoirí](#)
- Barnardos: [Pleanáil do Theagmhais Chriticiúla i Seirbhísí Luathfhoghlama agus Aois Scoile](#)
- An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais: [Treoirlínte Náisiúnta Cáilíochta do Sheirbhísí Cúraim Leanaí Aois Scoile](#)
- An Clár Náisiúnta um [Chosaint Leanaí: Cosaint i Seirbhísí Luathfhoghlama agus Cúraim Leanaí](#)
- An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais: [Treoirlínte Náisiúnta Cáilíochta do Sheirbhísí Cúraim Leanaí Aois Scoile](#)
- Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach: [Ráiteas um Chumhdach Leanaí](#)

Tagairt QMS	EYI-GDE12.71
Leagan	V1.0
Dáta	12/12/2025